# AR CHUALA TÚ?

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Cúrsa Fáilteachais 2023



Don dara bliain as a chéile, reáchtáladh an Cúrsa Fáilteachais i gConamara Láir i gcomhar leis an gcomhlacht Bane Mullarkey. Glac 32 dalta idirbhliana ón dá iar-bhunscoil - Coláiste na bPiarsach agus Scoil Phobail Mhic Dara, páirt sa gcúrsa i mbliana.

Cuireadh tús leis an 18 Aibreán in Ionad na nImirceach, Carna. Is éard atá i gceist leis an gcúrsa foghlaim go gníomhach faoi na turasóirí éagsúla a thagann go hÉireann, cén chaoi is féidir freastal orthu chun a chinntiú go mbeidh eispéiris uathúil acu fad a bhíonn siad anseo, agus a chinntiú go mbeidh cuimhní cinn dearfacha acu nuair a fhágann siad an ceantar. Mheabhraigh Bernadette do na daltaí an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge mar acmhainn turasóireachta agus an spéis mhór a bhíonn ag cuairteoirí inár dteanga, cultúr, traidisiúin, bia agus ár n-oidhreacht áitiúil.

An dara lá den chúrsa, an Lá Turais, tugadh na daltaí ar chamchuairt ar Chonamara chun an áilleacht atá timpeall orainn agus na nithe díol spéise do chuairteoirí, gníomhachtaí agus an t-eispéireas cultúrtha a fheiceáil. Thosaigh siad an turas in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh d'fhoghlaim siad ón bpríomhthreoraí turais, Máirtín Ó Meachair faoin tábhacht a bhaineann leis an stair agus cultúr áitúil.



Chuaigh siad siar ansin chuig Lúibín Mhuighrois, áit a labhair Séamus Breathnach go paiseanta faoina óige féin agus an tionchar a bhí ag a mhuintir agus a sheanmhuintir air; an chluas éisteachta a thug sé dóibh agus an deis atá aige inniu stair agus oidhreacht an cheantair a roinnt leis an gcéad ghlúin eile, le muintir na háite agus le turasóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a thugann cuairt orainn.

Fuair siad briseadh beag agus sólaistí deasa Tigh Mheaic agus thug Clíona Ní Chualáin léargas do na daltaí ar thábhacht na Gaeilge san earnáil agus a cuid taithí féin ar an earnáil turasóireachta.

Stop siad i nGlinsce ansin agus tógadh grianghraf ag an bPointe Radhairc. Dúirt formhór na ndaltaí nach raibh a fhios acu go raibh a leithéid de rud ann fiú!
Lean siad ar aghaidh go dtí Óstán Loch Eidhneach agus chuir Máire O'Connor fáilte rompu le lón a bhí thar a bheith blasta. Fuair siad turas den óstán agus shiúl siad thart ar na tailte áille.



Ar an lá deiridh den chúrsa, chas na daltaí le Dáithí Ó Gallachóir, Bainisteoir Shlí an Atlantaigh Fhiáin sna Ceantair Ghaeltachta agus Oileán Fáilte Éireann, agus d'inis sé beagán dóibh faoina scéal pearsanta féin agus an bealach a thosaigh sé ag obair i dtionscal na turasóireachta. Thug sé eolas dóibh faoi na tograí/feachtais éagsúla atá ar siúl ag Fáilte Éireann i láthair na huaire. Thug sé féiríní deasa dóibh chomh maith le tabhairt abhaile.

Bronnadh teastais ansin ar na daltaí ar fad agus is teastais iad seo a bheidh ina bhuntáiste dóibh agus iad ag lorg poist san earnáil fáilteachais i rith an tsamhraidh.
Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir comhghairdeas a dhéanamh leis na daltaí agus buíochas a ghlacadh leis na daoine seo a leanas a chabhraigh linn an cúrsa a eagrú agus a reáchtáil:

- Bernadette Mullarkey (Bane Mullarkey)
- Foireann scoile, Coláiste na bPiarsach agus Scoil Phobail Mhic Dara
- Foireann Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna
- Michael Dunworth
- Máirtín Ó Meachair agus Colene Ní Niaidh - Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh
- Clíona Ní Chualáin agus foireann Tigh Mheaic
- Máire O'Connor, Lough Inagh Lodge
- Dáithí Ó Gallachóir, Bainisteoir Shlí an Atlantaigh Fhiáin sna Ceantair Ghaeltachta agus Oileán Fáilte Éireann

## Bua mór do Chonamara ag IFTAS 2023

Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas mór a dhéanamh le Bríd Ní Neachtain a bronnadh an gradam 'Ban-aisteoir is fearr' uirthi ag IFTAS na bliana seo don scannán 'Rósie agus Frank'. Is as Ros Muc ó dhúchas do Bhríd agus tá sí ag obair le i dtionscal na scannán, teilifíse agus drámaíochta le blianta fada. Bhí páirt aici sna cláir theilifíse Pure Mule, Ros na Rún agus Klondike agus sna scannáin Cré na Cille, Song of Granite agus The Banshees of Inisherin le gairid. Is éacht iontach é seo don cheantar.



# Féile Joe Éinniu 2023



Mar chuid d'Fhéile Joe Éinniú na bliana seo, shocraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir ceardlann 'Scríobh Amhrán Gaeilge' a chur ar siúl chun deis a thabhairt don phobal leideanna agus treoir a fháil ó scríbhneoirí agus amhránaithe aitheanta.

Reáchtáladh an cheardlann in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna an 4 Bealtaine agus linn mar aíonna ar an oíche bhí Ciarán Ó Fatharta, Jackie Mac Donnacha, Róisín Seoige agus Caitríona Ní Cheannabháin. Thaitin an ceardlann go mór leis na rannpháirtithe agus táthar ag súil í a eagrú arís roimh dheireadh na bliana.

Thug Pleanáil Teanga Chonamara Láir maoiniú do Choiste Fhéile Joe Éinniú chomh maith le go bhféadfadh ceoltóirí cuairt a thabhairt ar bhunscoileanna an cheantair ar an Aoine. Bhí an-spraoi ag na daltaí óga ag éisteacht leis an gceol agus ag féachaint ar an damhsa ar an Sean-Nós.

Bhí neart imeachtaí eile ar siúl i rith an deireadh seachtaine cosúil le ceardlanna amhránaíochta agus seisiúin cheoil. D'fhreastail slua mór ar 'Cheolchoirm na Féile' oíche Dé Sathairn - áit a raibh leithéidí na hIarnáin, na Ceannabháin, Rosie Stewart & Caoimhín Ó Raghallaigh, agus neart eile ar stáitse. Chuir seoladh an dlúthdhiosca 'Tigh Choilm - Ceol na gCualáin' críoch dheas leis an bhféile ar an Domhnach. Ar an iomlán, agus mar is gnách, féile iontach a bhí ann agus bhí sé go hálainn na sluaite agus na ceoltóirí a fheiceáil sa cheantar arís.

Go mbeirimid beo ar an am seo arís.





# Ceardlann Eolais maidir le Tithe Tréigthe



Bhí lán halla ag an gCeardlann Eolais a reáchtáladh an 17 Bealtaine in Ionad Pobail Chill Chiaráin. Thug an cheardlann seo, a bhí eagraithe ag Forbairt Chonamara Láir i gcomhar le Údarás na Gaeltachta, deis thábhachtach don phobal eolas a fháil maidir le maoiniú chun tithe tréigthe a athchóiriú d’úsáid phríobháideach nó don mhargadh cíosa fadtéarmach. I láthair an tráthnóna sin bhí painéal cainteoirí ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, SEAI agus Gníomhaireacht Fuinnimh na Gaeltachta. Pléadh an Scéim ‘Croí Cónaithe’, Iasacht Tí Údaráis Áitiúil & deontais eile. Chomh maith leis sin bhí seastáin ag ionadaithe ó Bhainc-Aontas Éireann & Comhar Creidmheasa Chonamara ann chun comhairle a chur ar dhaoine ar mhian leo tuilleadh eolais a fháil faoi thacaíochtaí airgeadais.







Ba mhaith le Forbairt Chonamara Láir buíochas a ghlacadh leis na haoichainteoirí ar fad, ionadaithe ó Bhainc-Aontas Éireann & Comhar Creidmheasa Chonamara, Údarás na Gaeltachta, gach duine a chabhraigh agus a thug tacaíocht leis an gceardlann a eagrú, agus ar ndóigh leis an bpobal a tháinig amach ar an oíche.

## Fóram Iarthair d’Oifigigh Pleanála Teanga i gCorr na Móna

**I mí Samhna seo caite, d'óstaigh foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir an chéad teacht le chéile d'Oifigigh Phleanála Teanga an Iarthair/na Mí in Ionad na nImirceach. Tháinig na hoifigigh le chéile arís an 24 Bealtaine in Oifigí Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach i gCorr na Móna. Mar is iondúil, bhí plé fiúntach ag an bhFóram Réigiúnach. Bhí lá iontach ann agus buíochas le Stiofán Seoige, OPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh as an bhfáilte, le foireann Údarás na Gaeltachta agus leis an treoraí áitiúil a thug ar thuras oidhreachta ar an Seanbhóthar muid.**





# Comhdháil Phleanála Teanga- Conradh na Gaeilge

Tháinig coistí pleanála teanga agus daoine atá ag obair ar son na Gaeilge sa phobal le chéile an 12 Bealtaine in Ollscoil na Gaillimhe ag Comhdháil le Meitheal Ghaeltachta Chonradh na Gaeilge le fóram a chur ar bun do choistí ó na limistéir phleanála teanga agus le deiseanna agus dúshláin a phlé.

Tugadh cuireadh do Mháirín Ní Choisdealbha-Seoige labhairt ag an gcomhdháil faoi Thodhchaí na bPleananna Teanga 2025 & Ról na gCoistí. Labhair Máirín faoin deis dhearfach a cruthaíodh i gceantair phleanála teanga trí Oifigigh Teanga a fhostú go díreach sna ceantair áitiúla toisc go dtugann sé seo tuiscint chuí ar na riachtanais i ngach ceantar. Mhínigh sí go bhfuil a gcuid dúshláin/ éilimh féin ag gach ceantar agus go dteastaíonn freagra beacht agus díreach ar an tábhacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge i ngach réimse a bhaint amach agus a fhorbairt. Tá tuilleadh infheistíochta de dhíth ar cheantair tuaithe na hÉireann agus go háirithe ar an nGaeltacht ó thaobh seirbhísí, infreastruchtúr agus deiseanna gairme chun pobal inmharthana agus inbhuanaithe a chruthú ionas gur féidir le daoine maireachtáil agus dul i mbun oibre inti agus chun a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge. D'áitigh Máirín go mbeadh deis ag gach pobal a bheith páirteach i bPróiseas Athbhreithnithe na bPleananna Teanga ina gceantar féin mar go mbaineann an Plean Teanga Áitiúil leis an bpobal.



**Is scéim í seo a bhfuil sé d'aidhm aici deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge i gceantar Chonamara Láir (Camus, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, An Caiseal & Sraith Salach) feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge ar bhealach spraíúil. Déanfar é seo trí dheis a thabhairt dóibh an Ghaeilge a chleachtadh mar theanga bheo i suíomh Gaeltachta. Tabharfar deis don fhoghlaimeoir achar ama a chaitheamh i gcomhluadar cainteoir dúchais (an Gaelchara). Beidh an foghlaimeoir in ann cur lena scileanna teanga trí a bheith páirteach i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire leis an gcainteoir dúchais: bíodh sé ina imeacht sóisialta; spóirt; ceirde; nó trína bheith páirteach i ngníomhaíocht nó i gcaitheamh aimsire de chineál eile.**

**Cuirfear €250 ar fáil don fhoghlaimeoir Gaeilge agus €250 ar fáil don chainteoir dúchais. Íocfar €100 ag tús na scéime agus an chuid eile nuair atá Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir sásta go bhfuil an clár críochnaithe go sásúil ag na rannpháirtithe.**

**Tá an fhoirm iarratais le fáil ach teagmháil a dhéanamh le opt@conamaralair.ie nó 087 1875384. Is é an 31 Bealtaine an spriocdháta.**




**Is féidir iarratas a dhéanamh ar bhonn aonair nó i gcomhar le foghlaimeoir/cainteoir dúchais. Cuirfear Foghlaimeoir/Cainteoir Dúchais aonair le Foghlaimeoir/Cainteoir Dúchais eile.**

# NUACHT SPÓIRT



**Foireann Carna Caiseal/ Na Piarsaigh f15: Buaiteoirí Féile 2023**



**Buaiteoirí Féile 2023 (Roinn 5)**




**Buaiteoirí Craobh Sóisear Comórtas Peile na Gaeltachta na Gaillimhe 2023.**
**Go n-éirí leo ag Comórtas Peile na Gaeltachta shuas i nDún na nGall**









# Coirnéal Chomhrá



**Aoi na míosa:** Jackie Mac Donnacha
(File, údar, úrscéalaí)

**1. Ainm Baile (e.g. i ndiaidh do mhuintir):** Jackie Pheaitsín
**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Cill Chiaráin
**3.An bhfuil tú sásta gur shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?** Tá mé sásta. Níl áit níos fearr. Tá na rútaí doimhin.
**4.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Is féidir tairbhe a bhaint as an teanga a bhí ag ár seacht sinsir. Déanaim roinnt scríbhneoireachta sa teanga sin, agus d'éirigh reasúnta go maith liom.
**5.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Chuile jab a dhéanaim is san teanga sin a bhíonn sé.
**6.Cén cartún ina raibh suim agat ann agus thú ag fás aníos?** An Roadrunner agus an Coyote. Tá sé ar nós ceist uimhir 17. Bhí an Coyote ocrach ach níor éirigh leis teacht suas leis an Roadrunner ariamh.
**7.Céard é an béile is fearr leat?** Muiríní/iasc úr ó Theresa agus John Joe ar an Áird Mhóir.
**8.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** An chistineach sa mbaile. Níl caoi ar theach ar bith gan ceann acu.
**9.Céard é an deoch is fearr leat?** Fíoruisce as tobar Chrompán an Mhaide.
**10.Céard é an boladh is fearr leat?** An boladh a bhíonn in íochtar cladaigh nuair a bhíonn rabharta mór ann agus an taoille i bhfad amach. Ní féidir an boladh sin a bhualadh.
**11.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Ag iascach ar na cúpla loch atá fágtha againn.
**12.An saoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** An Phoimpé, Oileán Chaprí, agus Cósta Amalfí. Na radharcanna a bhí le feiceáil, agus stair Phoimpé.
**13.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Scannán ar bith le Morgan Freeman. Ba é an Shawshank Redemtion an ceann ab fhearr ar fad. Is maith liom cláracha faisnéise faoi ainmhithe, éanacha, i dtíortha i bhfad i gcéin.
**14.Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat?** Is maith liom gearrscéalta, agus úrscéalta nach bhfuil ró-thoirtiúil. An leabhar atá mé ag léamh faoi láthair ná Dhá Leagan Déag, aistí ó scoláirí, léargais nua ar an sean-nós. Tá ós cionn míle leabhar agam sa mbaile agus tá cúpla ceann acu sin nár léigh mé fós.
**15.An noiméad don lá is fearr leat?** An chéad anáil eile nuair a dhúisím ar maidin.
**16.An rud is mó a ghoileann ort?** Daibhreas, agus an bhearna idir é agus saibhreas. Tá sé mar seo ó bhí mé i mo ghasúr. Tá an seachtú bliain caite go maith agam anois agus níor athraigh tada. Feileann sé na cumhachtaí móra.
**17.Aon chomhairle a cuireadh ort?** Abair an beagán, ach abair go maith é.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

*Comhghairdeas mór le Bernadette Uí Mhaoilchiaráin a bhuaigh comórtas na Bealtaine.*

*Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Meithimh chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara*

## Logainm na Míosa:

### Snámh Bó:

Chuirtí ba ar féarach ar oileán beag agus bhíodh orthu snámh trasna. Dá réir sin, tugadh Snámh-Bó air, áit shnámha do bha'

-Eolas ó Joyce's Place Names

## Seanfhocal na Míosa:

Is fearr an té a chum ná an té a cháin

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**